

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim
TUAIRISC

Scoil Náisiúnta Chaiseal na gCorr
Gort a Choirce, Contae Dhún na nGall

Uimhir rolla: 03294L

Dáta na Cigireachta: 20 Samhain 2014



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S
A N C H I G I R E A C H T

Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i Scoil Náisiúnta Chaiseal na gCorr i mí na Samhna 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le cathaoirleach agus le hionadaithe na dtuismitheoirí ar an bhord, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Bunscoil Ghaeltachta chomhoideachais í seo le 39 dalta ar na rollaí. Tá an scoil rannpháirteach i gClár Tacaíochta Scoile faoi Scéim Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Tá sí rannpháirteach chomh maith i Scéim na gCúntóirí Teanga atá maoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Feidhmíonn an bord go han-éifeachtach chun a chinntiú go bhfuil an chóiríocht, na hacmhainní, an teagasc agus an fhoghlaim agus an t-atmaisféar foghlama ar ardchaighdeán.
- Cinntíonn an bord áit lárnach na teanga i saol na scoile trí shuim agus spéis sa teanga agus sa chultúr Gaelach a chur chun cinn in imeachtaí na scoile.
- Baineann na daltaí caighdeán an-ard gnóthachtála amach i ngnéithe den Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.
- Comhlíonann an príomhoide, atá ag teagasc, a cuid dualgaisí go han-phroifisiúnta agus go han-chumasach.
- Saothraíonn an fhoireann teagaisc go dúthrachtach ar son leas na ndaltaí.
- Déantar cúram an-mhaith do dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus le riachtanais speisialta.
- Tá gaol láidir idir an scoil agus an pobal. Tugann coiste na dtuismitheoirí agus pobal na scoile tacaíocht an-mhaith don scoil.

Déantar **an príomh-mholadh** seo a leanas:

- B'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar dhualgais an fhoireann bainistíochta in-scoile le go neartófaí a gceannasaíocht churaclaim i gcomhthéacs na dtosaíochtaí aitheanta scoile.

Torthaí

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá cáilíocht na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí san iomlán go han-mhaith. Labhraíonn na daltaí go líofa sa Ghaeilge ar raon ábhar agus cuirtear go tuisceanach lena saibhreas teanga. Sroicheann mórchuid na ndaltaí caighdeán sár-mhaith ó thaobh scileanna éisteachta, tuisceana, léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa Ghaeilge. Tá raon leathan dánta ar eolas ag na daltaí sna hardranganna. Tá go leor scéalta ar eolas ag na daltaí sna bunranganna ach b'fhiú cur lena stór rímeanna agus filíochta chomh maith.
- Léann formhór na ndaltaí de réir a gcumas féin le tuiscint agus le líofacht den scoth sa Bhéarla. Tá cruinneas agus saibhreas teanga le sonrú i mórchuid de shaothar scríofa na ndaltaí. Forbraítear suim agus scileanna litearthachta na ndaltaí go héifeachtach agus léiríonn siad torthaí foghlama inmholta.
- Léirigh formhór na ndaltaí máistreacht ar achair shainiúla ábhair agus inniúlacht an-mhaith i dtuiscint choincheapúil, i réasúnaíocht agus i ríomh na hoibríochtaí uimhris.

- Léiríonn formhór na ndaltaí eolas agus tuiscint mhaith ar na hábhair atá múinte go háirithe sa Tíreolaíocht agus sa Drámaíocht.
- Is léir ón mheasúnú scoil-bhunaithe agus ó thascanna a cuireadh i gcrích le linn na meastóireachta go bhfuil líon ard daltaí ag feidhmiú ar ard-leibheál foghlama sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.
- Tá dul chun cinn na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais go han-mhaith ar an iomlán. Glacann siad páirt an-ghníomhach san fhoghlaim agus is léir óna gcuid oibre go bhfuil dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh acu.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc ar chaighdeán an-mhaith. Tá beirt mhúinteoir i mbun na ranganna príomhshrutha atá ilghrádach agus tugann múinteoir roinnte seirbhís tacaíochta ar feadh deich n-uaire sa tseachtain. Cuireann múinteoir acmhainne tacaíocht bhreise ar fáil ar feadh trí h-uaire sa tseachtain. Tugann cúntóir riachtanais speisialta atá lán-aimseartha tacaíocht sár-mhaith do dhaltá le riachtanais ar leith. Chomh maith le sin, tugann beirt chúntóirí teanga tacaíocht ar feadh seacht n-uaire sa tseachtain sa dá rang chun freastal ar shaibhriú teanga na ndaltaí le linn na gceachtanna Gaeilge.
- Sna hardranganna, baineadh úsáid as modhanna múinte an-éifeachtacha a chur béim ar straitéisí difreálaithe, ar chomhtháthú oiriúnach agus ar athchleachtadh rialta. Baineadh úsáid an-mhaith as ábhar léirithe don teagasc chomh maith. Ar an iomlán, forbraítear scileanna, coincheapa agus eolas na ndaltaí go sár-mhaith.
- Cuirtear an tumoideachas i bhfeidhm i ranganna na naíonán agus cuirtear straitéisí comhairtheagaisc agus obair stáisiún i bhfeidhm chomh maith sa scoil.
- Tá an phleanáil ag leibheál an oide aonair don teagasc go maith. B'fhiú don fhoireann na socrúithe don tumoideachas, don chomhairtheagasc, don obair stáisiún agus d'obair na gcúntóirí teanga a bheith scríofa ina bpleanáil ranga le spriocanna áirithe leagtha amach do thorthaí foghlama na ndaltaí.
- Baintear úsáid as modhanna gníomhacha agus as teagasc an-struchtúrtha don litearthacht agus don uimhearthacht. Déantar soláthar éifeachtach d'inniúlachtaí ar leith foghlama na ndaltaí. Tá raon leathan d'áiseanna teagaisc ar fáil agus in úsáid go maith sa scoil. Is inmholta an raon leathan leabhair leabharlainne atá in úsáid go háirithe sna hard ranganna sa dá theanga.
- Tá dea-chleachtas le sonrú i gcáilíocht an teagaisc sa Mhatamaitic. Baintear feidhm thairbheach as modhanna múinte éifeachtacha, as tacaíocht inranga agus as obair chomhoibrítheach chun freastal ar chumais éagsúla na ndaltaí. Cruthaítear nasc feiliúnach idir an Mhatamaitic agus ghnáth shaol na ndaltaí. Tá dul chun cinn maith déanta ag na daltaí i réiteach fadhbanna sa Mhatamaitic agus ag obair le sonraí.
- Tá cáilíocht an teagaisc go sár-mhaith sa Tíreolaíocht. Baineann na hoidí úsáid thairbheach as teicneololaíocht an eolais agus na cumarsáide (TFC) agus as timpeallacht na scoile chun gnéithe áirithe den ábhar a mhúineadh. Tá acmhainní éagsúla bailithe ag foireann na scoile agus úsáidtear iad go rialta mar thaca do théamaí áirithe.
- Déantar monatóireacht bhliantúil ar thorthaí scrúdaithe caighdeánaithe na ndaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Bailítear eolas, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, agus coimeádtar taifid leanúnacha gnóthachtála ar dhul chun cinn na ndaltaí.
- Tá cáilíocht an teagaisc do dhaltá le riachtanais speisialta go han-maith ar an iomlán. Soláthraítear próifíl agus pleananna aonair oiriúnacha do dhaltá le riachtanais speisialta foghlama. Sna ceachtanna a breathnaíodh, sonraíodh caidreamh comhbhách idir na hoidí agus na daltaí.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá bainistíocht na ndaltaí go han-éifeachtach agus cothaítear timpeallacht an-mheasúil sa scoil trí chaidreamh comhbhách a chruthú agus trí thaispeántais a léiríonn an tábhacht a bhaineann le meas agus le cairdeas. Ag am na meastóireachta, bhí seachtain cairdis ar siúl sa scoil. Sna ceistneoirí a dáilíodh ar na daltaí le linn na meastóireachta, mheas an t-iomlán acu gur scoil mhaith í seo agus

go míníonn an múinteoir nithe go soiléir. Chun méadú a dhéanamh ar na deiseanna chun a dtuairimí a chur in iúl, b'fhiú tionóil scoile a eagrú agus coiste daltaí a bhunú.

- Déanann an scoil freastal an-tairbheach ar dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Tá an scoil rannpháirteach i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, mar shampla, ranganna gíotair, ceoil agus damhsa. Cuirtear samplaí oibre na ndaltaí ar taispeánt in áiteanna feiceálacha chun ard-chaighdeán na hoibre a thaispeánt do phobal na scoile agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar obair na ndaltaí.
- Cothaítear teagmháil rialta le tuismitheoirí agus seoltar tuairiscí faoi dul chun cinn na ndaltaí chucu go bliantúil. Sna ceistneoirí a dáilíodh le linn na meastóireachta, mheas na tuismitheoirí go léir go rítear an scoil go maith, go bhfuil an teagasc go maith agus go mbraitheann siad go bhfuil fáilte rompu sa scoil.
- Thug údarais na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an bhord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile*.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Feidhmíonn an bord bainistíochta go han-éifeachtach agus cinntíonn siad go mbaintear ard-chaighdeán amach i ngach gné de shaol na scoile. Tugtar tús áite d'úsáid agus do shaibhriú na Gaeilge sa scoil agus i measc phobal na scoile. Tugann an bord sár-thacaíocht d'fhoireann na scoile i gcúrsaí pleanála agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tá ard-mholadh tuillte ag an bhord as an chothabháil ó thaobh na cóiríochta atá curtha i gcrích agus as raon cuimsitheach d'ábhar teagaisc agus foghlama a chur ar fáil d'fhoireann agus do dhaltaí na scoile.
- Cothaítear cumarsáid agus comhpháirtíocht láidir idir an scoil agus na tuismitheoirí chun suim na dtuismitheoirí in oideachas na ndaltaí a chur chun cinn.
- Tá caighdeán an-ard le sonrú in obair an príomhoide. Comhlíonann an príomhoide, atá ag teagasc, a cuid dualgais go han-phroifisiúnta agus go han-chumasach. Cothaíonn sí comhghaol comhoibritheach i measc na múinteoirí agus spreagtar iad chun rannpháirtíochta i saol na scoile. Cothaítear timpeallacht foghlama an-spreagúil do na daltaí. B'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar dhualgais an fhoireann bainistíochta in-scoile le go neartófaí a gceannasaíocht churaclaim i gcomhthéacs na dtosaíochtaí aitheanta scoile.
- Cinntíonn an bord i gcomhpháirt le príomhoide na scoile go bhfuil curaclam leathan, cothrom agus páiste lárnach á sholáthar do na daltaí. Faoi láthair, tá an t-am teagaisc laghdaithe go laethúil sa bhunroinn chun freastal ar shocrúithe maoirseachta oidí atá i bhfeidhm. B'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar seo agus socrúithe níos cuí a eagrú.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá plean trí bliana DEIS curtha le chéile agus spriocanna ar leith curtha i gcrích go han-torthúil.
- Tá spriocanna feabhsaithe leagtha amach sa phlean feabhsúcháin scoile agus gníomhaíochtaí an-tairbheacha á gcur i bhfeidhm mar pháirt den phlean feabhsúcháin san uimhearthacht. Mar is cuí, roinn an bord tuairisc feabhsuithe scoile le pobal na dtuismitheoirí.

Críoch

Tá cumas na scoile chun tabhairt faoin bhfeabhsúchán scoile ar fheabhas. Comhoibríonn an bord go han-éifeachtach le foireann na scoile chun ard-chaighdeán a chinntiú i ngach gné de shaol na scoile.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn Bord Bainistíochta Scoil Chaiseal na gCorr roimh an tuairisc fhíor-dhearfach seo. Is ábhar áthais agus misnigh, sásaimh agus dóchas dúinn í. Cuireann an tuairisc le tuairim an Bhoird go bhfuil caighdeán an teagaisc agus na foghlama sa scoil an-ard; go bhfuil atmaisféar foghlama agus atmaisféar ginéarálta na scoile iontach dearfach; go bhfuil an Ghaeilge iontach láidir sa scoil agus béim ar leith curtha ar chúrsaí teangan agus cultúra; go bhfuil an Príomhoide iontach dúrchtach agus an-éifeachtach; go bhfuil foireann iomlán na scoile díograiseach, díbhirceach; agus go bhfuil freastal maith á dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu. Tuigeann an Bord go bhfuil tuilleadh le déanamh agus fáiltíonn an Bord roimh na moltaí atá sa Tuairisc. Déanfaimid ár ndícheall iad a chur i bhfeidhm.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Táthar ag gníomhú ar an bpríomh-mholadh ó rinneadh é. Tá an múinteoir le Dualgaisí Speisialta freagrach anois as forbairt an churaclaim sa Bhéarla, sa Cheol agus san Ealaín agus tá an Príomhoide freagrach as na hábhair eile.

Tá béim chuí á chur ar rímeanna agus filíocht sna bunranganna anois.

Ó Mhí Feabhra 2015, beidh leathanach sna scéimeanna míosúla le moltaí na Tuairisce maidir leis an tumoideachas, leis an gcomhairtheagasc, leis an obair stáisiún agus obair na gcúntóirí teangan a chur i bhfeidhm.

Tá plean tumoideachais (ag cur leis an bpolasaí tumoideachais a bhí ann cheana) fá réir anois.

Tá an moladh maidir le Tionól rialta scoile i bhfeidhm.

Tá socruithe úra agus róta úr maoirseachta ann anois ionas nach bhfuil aon am ranga á chailleadh.